# Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta maidir le maoiniú Státchiste faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission


**Sonraí Teagmhála:**

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Teileafón: 01 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland


**If you want to receive forms and correspondence from us in English please contact us**

## Clár Ábhar

1. Réamhrá ..... 2
2. Oifigeach Cuí ..... 2
3. Sainmhíniú ar pháirtí polaitíochta cáilithe ..... 2
4. Maoiniú a úsáid ..... 3
5. Maoiniú ar fáil do pháirtithe cáilithe ..... 3
6. Cistí Státchiste a íoc ..... 4
7. Ráitis Chaiteachais Státchiste ..... 5
8. Smachtbhannaí i leith mainneachtain Ráiteas Caiteachais Státchiste a thabhairt ..... 6
9. Iniúchadh ar dhoiciméid a thugtar don Choimisiún um Chaighdeáin ..... 6
10. Tuarascáil do Chathaoirleach na Dála ..... 6
11. Asbhaintí ..... 7
Aguisín A - Foirm shamplach ..... 8

## 1. Réamhrá

1.1 Maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta cáilithe faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (Acht 1997).

1.2 D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) na treoirlínte seo faoi alt 4(6) den Acht Toghcháin, 1997 (Acht 1997). Leagtar amach iontu príomhcheanglais na reachtaíochta atá ábhartha don mhaoiniú thuasluaite, go háirithe na bearta atá le déanamh ag oifigigh chuí na bpáirtithe polaitíochta cáilithe i dtaca le ráitis lena léirítear an dóigh ar úsáideadh an maoiniú a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin i dteannta na dtuarascálacha iniúchóra reachtúil a ghabhann leo.

1.3 Seachas na treoirlínte, tá Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun comhairle agus cabhair eile a chur ar fáil i dtaca le cur i bhfeidhm na reachtaíochta.

1.4 Cuirtear na treoirlínte seo in ionad na dtreoirlínte roimhe a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an ábhar seo.

## 2. Oifigeach Cuí

2.1 Ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta le halt 71(1) d'Acht 1997 oifigeach cuí a cheapadh. Ceann amháin d'fheidhmeanna an oifigigh chuí is ea Ráiteas Caiteachais Státchiste agus tuarascáil iniúchóra reachtúil an pháirtí a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi Acht 1997. I gcás nach gceaptar oifigeach cuí, meastar ceannaire an pháirtí a bheith ar an oifigeach cuí.

2.2 Ceanglaítear ar pháirtithe polaitíochta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus don Aire Airgeadais faoi ainm agus seoladh an oifigigh chuí a ceapadh. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus don Aire freisin i gcás inar éirigh oifigeach cuí as agus faoi aon cheapachán nua.

## 3. Sainmhíniú ar pháirtí polaitíochta cáilithe

3.1 Is é an sainmhíniú ar pháirtí polaitíochta cáilithe a thugtar in alt 16 d'Acht 1997 ná páirtí polaitíochta:

atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de réir alt 25 den Acht Toghcháin 1992 mar pháirtí atá eagraithe sa Stát le dul san iomaíocht i dtoghchán Dála, agus a bhfuair a chuid iarrthóirí nach lú ná 2% de líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí uile san olltoghchán Dála is déanaí.

3.2 A luaithe is féidir tar éis olltoghchán Dála, tugann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sonraí don Choimisiún um Chaighdeáin faoin gcéatadán iomlán de na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí ó gach ceann de na páirtithe polaitíochta sa toghchán. Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl do gach páirtí ina dhiaidh sin cé acu is páirtí cáilithe é nó nach ea.

## 4. Maoiniú a úsáid

4.1 Foráiltear le halt 18(1)(a) d'Acht 1997, arna leasú, nach mór an maoiniú arna fháil ag páirtithe polaitíochta cáilithe a úsáid le haghaidh dhéanamh agus bhainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí, le haghaidh saothrú dleathach ceann ar bith dá chuid cuspóirí agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, le haghaidh ceann ar bith nó gach ceann de na cuspóirí a luaitear sna ceithre cheannteideal seo a leanas:

- riarachán ginearálta an pháirtí;

- taighde, oideachas agus oiliúint;

- ceapadh beartais;

- comhordú na ngníomhaíochtaí de chuid chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí.

4.2 Meastar go n-áirítear leis an maoiniú arna fháil soláthar do chaiteachas páirtithe cáilithe i dtaca le rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn.

4.3 Ní ceadmhach maoiniú a úsáid le haghaidh speansais toghcháin (mar a shainmhínítear san Acht Toghcháin, 1997, arna leasú) a tabhaíodh i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Seanaid, i dtoghcháin Uachtaránachta, i dtoghcháin Eorpacha nó i dtoghcháin áitiúla ná le haghaidh na speansais sin a fhorchúiteamh. Mar an gcéanna, ní ceadmhach maoiniú a úsáid chun aon toradh ar leith i reifreann a chur chun cinn.

## 5. Maoiniú ar fáil do pháirtithe cáilithe

5.1 De bhun alt 17(1) d'Acht 1997, arna leasú, leithdháiltear suim €126,973 ar gach páirtí cáilithe gach bliain. De bhreis air sin, leithdháiltear cion de chiste nach mó ná €3,809,214 ar gach páirtí cáilithe. Cinntear an leithdháileadh le haghaidh gach páirtí cháilithe ach na vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí ó gach páirtí cáilithe san olltoghchán Dála is déanaí a léiriú mar chéatadán d'iomlán na vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí ó gach páirtí cáilithe. (Ní chuirtear san áireamh na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí ó pháirtithe neamhcháilithe agus iarrthóirí neamhspleácha.)

5.2 Déanfar an ciste a mhéadú nó a laghdú ar aon dul le méaduithe ginearálta pá sa Státseirbhís.
Tá íocaíochtaí díolmhaithe ó cháin ioncaim agus ní chuirtear san áireamh iad nuair atáthar ag ríomh ioncam páirtí chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.

## 6. Cistí Státchiste a íoc

6.1 Foráiltear le halt 19(1) d'Acht 1997 go ndéanann an tAire Airgeadais íocaíochtaí ar bhonn ráithiúil ina riaráistí le páirtithe cáilithe a dhéanann iarratas ar na híocaíochtaí sin, tar éis dó cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil. Beidh feidhm ag íocaíochtaí ó lá na vótaíochta in olltoghchán Dála go dtí an lá roimh lá na vótaíochta sa chéad olltoghchán Dála eile tar éis toghcháin den sórt sin. Má lánscoirtear an Dáil i lár ráithe, déantar íocaíochtaí ar bhonn pro rata ó thús na ráithe go dtí dáta an lánscoir.

6.2 Ní dhéanfar aon íocaíochtaí ón 1 Eanáir i leith i mbliain ar bith seachas má dhéantar na nithe seo agus go dtí go ndéantar iad -

a) tugtar ráiteas cuntas bliantúil an pháirtí polaitíochta lena mbaineann agus cóip den tuarascáil iniúchóra don Choimisiún, agus
b) cuireann an Coimisiún in iúl don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur deimhin leis go gcomhlíonann an ráiteas cuntas bliantúil ábhartha Acht 1997, arna leasú, agus na treoirlínte foilsithe.

6.3 Laghdófar íocaíochtaí an mhaoinithe Státchiste faoin reachtaíocht Toghcháin faoi 50% más rud é nach raibh 30% ar a laghad d'iarrthóirí an pháirtí polaitíochta san olltoghchán roimhe ina mná agus nach raibh 30% ar a laghad díobh ina bhfir. Beidh feidhm ag an bhforáil sin le héifeacht ó lá na vótaíochta san olltoghchán arna reáchtáil tar éis mhí Mheán Fómhair 2012 agus ní bheidh feidhm aici a thuilleadh ar lá na vótaíochta sa chéad olltoghchán eile arna reáchtáil tar éis 7 mbliana a bheith imithe thart ó lá na vótaíochta roimhe a dtagraítear dó (e.g. más i mí Feabhra 2016 a reáchtáiltear an chéad olltoghchán a reáchtáladh tar éis mhí Mheán Fómhair 2012, scoirtear den choinníoll i leith an olltoghcháin arna reáchtáil tar éis mhí Feabhra 2023).

6.4 Laghdófar íocaíochtaí faoi 50% más rud é nach raibh 40% ar a laghad d'iarrthóirí an pháirtí polaitíochta san olltoghchán roimhe ina mná agus nach raibh 40% ar a laghad díobh ina bhfir. Beidh feidhm ag an bhforáil sin nuair nach mbeidh feidhm ag an bhforáil i rannán 6.3 thuas a thuilleadh (e.g. i leith an olltoghcháin arna reáchtáil tar éis mhí Feabhra 2023).

## 7. Ráitis Chaiteachais Státchiste

7.1 Ceanglaítear ar oifigeach cuí gach páirtí cháilithigh le halt 20(1) d'Acht 1997 Ráiteas Caiteachais Státchiste bliantúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin. Sa Ráiteas Caiteachais Státchiste, ceanglaítear ar an oifigeach cuí:

i. suim an mhaoinithe a fuarthas i leith na bliana roimhe a lua;

ii. a dheimhniú nár úsáideadh an maoiniú i ndáil le speansais toghcháin nó reifrinn;

iii. a dheimhniú gur úsáideadh an maoiniú le haghaidh roinnt nó gach ceann de na cuspóirí dá dtagraítear i rannán 4 thuas;

iv. miondealú a thabhairt ar an gcaiteachas a bhaineann le gach ceann de na cuspóirí dá dtagraítear i rannán 4 thuas, le linn na hábhair iarbhír ar úsáideadh an maoiniú ina leith a léiriú agus mionsonraí a thabhairt faoi chineál na speansas a tabhaíodh.

7.2 Más cuí, féadfar suimeanna a úsáideadh le haghaidh rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn a shainaithint agus a chur ar áireamh faoi cheann ar bith nó gach ceann de na ceannteidil ag 5, 6, 7 nó 8 den Ráiteas Caiteachais Státchiste. Beag beann ar cé acu a léirítear iad faoi na ceannteidil sin nó nach léirítear, ní mór iad a léiriú ar leithligh faoi cheannteideal 9 den Ráiteas Caiteachais Státchiste. Tá cóip shamplach den Ráiteas Caiteachais Státchiste ar fáil in Aguisín A.

7.3 Murar caitheadh maoiniú i leith bliain ar leith sa bhliain sin, ní mór cuntas a choimeád air sa Ráiteas Caiteachais Státchiste don bhliain iarbhír ina gcaitear é.

7.4 Ní mór an Ráiteas Caiteachais Státchiste a bheith iniúchta ag iniúchóir reachtúil (de réir bhrí na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, 1893 go 1978, agus Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 1977). Ní mór cóip den tuarascáil iniúchóra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin i dteannta an Ráitis Chaiteachais Státchiste. Is é an páirtí lena mbaineann a íocfaidh costas an iniúchta. Tá tuarascáil iniúchóra pro forma faoi iamh in Aguisín A (cuid 12).

7.5 Shocraigh an Coimisiún um Chaighdeáin an 31 Márta mar spriocdháta le haghaidh an Ráiteas Caiteachais Státchiste agus an tuarascáil iniúchóra a thabhairt dó. Ní spriocdháta reachtúil é sin. Roghnaigh an Coimisiún um Chaighdeáin é mar go bhfuil sé i gcomhthráth leis an dáta nach mór do na páirtithe polaitíochta cláraithe uile a Ráiteas Síntiús bliantúil agus a nDearbhú Reachtúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi. Is dáta cuí é freisin ós rud é nach mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóipeanna de Ráitis Chaiteachais Státchiste agus tuarascálacha iniúchóra, mar aon le hábhar áirithe eile, a chur ar aghaidh chuig an Aire Airgeadais tráth nach

déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, ionas go bhféadfar leanúint d'íocaíochtaí a dhéanamh le páirtithe polaitíochta cáilithe - féach rannán 8 thíos.

7.6 Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, de réir alt 20(3) d'Acht 1997, cóip de gach Ráiteas Caiteachais Státchiste agus tuarascáil iniúchóra a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas freisin.

## 8. Smachtbhannaí i leith mainneachtain Ráiteas Caiteachais Státchiste a thabhairt

8.1 De bhun alt 19(4) d'Acht 1997, ní dhéanfar aon íocaíocht le páirtí polaitíochta cáilithe tar éis an 30 Aibreán i mbliain ar bith seachas má thugann an páirtí sin na nithe seo don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na bliana roimhe agus go dtí go ndéanann sé amhlaidh:

i. Ráiteas Caiteachais Státchiste agus an tuarascáil iniúchóra reachtúil a ghabhann leis agus

ii. Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil (le cur isteach faoin 31 Márta) ina dtugtar sonraí faoi shíntiúis ar mó a luach ná €1,500 a fuair an páirtí

agus tugann an Coimisiún um Chaighdeáin cóipeanna de na doiciméid go léir don Aire Airgeadais agus dheimhnigh sé don Aire gur comhlánaíodh iad de réir fhorálacha ábhartha na reachtaíochta agus de réir threoirlínte an Choimisiúin um Chaighdeáin. (Is i dtreoirlínte leithleacha a leagtar amach na ceanglais reachtúla a bhaineann le Ráitis Síntiús.)

## 9. Iniúchadh ar dhoiciméid a thugtar don Choimisiún um Chaighdeáin

9.1 De réir alt 73 d'Acht 1997, coimeádfar gach Ráiteas Caiteachais Státchiste agus tuarascáil iniúchóra in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin ar feadh tréimhse trí bliana agus beidh siad ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

## 10. Tuarascáil do Chathaoirleach na Dála

10.1 Foráiltear le halt 4(1) d'Acht 1997 go mbreithneoidh an Coimisiún gach Ráiteas Caiteachais Státchiste a thugtar dó agus, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé tuarascáil do Chathaoirleach na Dála ar aon ábhar a d'fhéadfadh teacht aníos i dtaca leis na Ráitis sin.

## 11. Asbhaintí

11.1 De bhun alt 40(a) d’Acht 1997, i gcás go bhfuil róchaitheamh ann ag gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta cháilithe nó thar a cheann, i dtaca leis an gcaiteachas ceadaithe toghcháin i dtoghchán Dála nó Eorpach, déanfaidh an tAire Airgeadais, ar mholadh an Choimisiúin um Chaighdeáin, suim atá cothrom leis an róchaitheamh sin a asbhaint ó shuim ar bith a d’fhéadfadh a bheith iníoctha, nó a bhféadfadh go n-éireodh sé iníoctha, leis an bpáirtí sin ón Státchiste faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú.

## Aguisín A - Foirm shamplach

# Ráiteas Caiteachais faoi mhaoiniú Státchiste faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018

**Comhlánaigh an fhoirm seo le dúch dubh**

### Cuid 1: Páirtí Polaitíochta

| | |
|---|---|
| Páirtí Polaitíochta: | |

### Cuid 2: Oifigeach Cuí

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Seoladh: | |
| Uimhir Theileafóin: | |
| Seoladh Ríomhphoist: | |

### Cuid 3: Iniúchóir Reachtúil

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Seoladh: | |
| Uimhir Theileafóin: | |
| Seoladh Ríomhphoist: | |

## Cuid 4: Sonraí faoin Maoiniú a Fuarthas

| | |
|---|---|
| Iomlán an mhaoinithe státchiste a fuarthas faoin Acht don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018: | ....................................... |
| Suim an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017: | ....................................... |
| Iomlán foriomlán an mhaoinithe atá ar fáil lena chaitheamh sa bhliain 2018: | ================== |
| Iomlán an chaiteachais mhaoinithe, más ann dó, sa bhliain 2018: | ....................................... |
| Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2019: | ================== |
| Ar úsáideadh cuid ar bith den mhaoiniú i ndáil le speansais toghcháin Dála, speansais toghcháin Seanaid, speansais toghcháin Eorpaigh, speansais toghcháin uachtaránachta nó speansais toghchán áitiúil ná i ndáil le speansais reifrinn? | ....................................... |
| Ar úsáideadh an maoiniú i leith roinnt nó gach ceann de na cuspóirí dá dtagraítear in alt 18(1) den Acht? | ....................................... |

## Cuid 5: Cistí a úsáideadh le haghaidh Riarachán Ginearálta an Pháirtí

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## Cuid 6: Cistí a úsáideadh le haghaidh Taighde, Oideachais agus Oiliúna

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## Cuid 7: Cistí a úsáideadh le haghaidh Ceapadh Beartais

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## Cuid 8: Cistí a úsáideadh le haghaidh Gníomhaíochtaí de chuid Chraobhacha agus Chomhaltaí an Pháirtí a Chomhordú

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## Cuid 9: Cistí a úsáideadh le haghaidh Rannpháirtíocht na mBan i nGníomhaíocht Pholaitiúil a Chur Chun Cinn*

*Maidir le maoiniú a úsáideadh faoin gceannteideal seo, d'fhéadfadh go mbeadh sé ar áireamh cheana féin faoi cheann ar bith, nó gach ceann, de cheannteidil 5 - 8 thuas. Fiú amháin i gcás nach bhfuil sé ar áireamh faoi na ceannteidil sin, ba cheart suim an mhaoinithe agus sonraí faoin maoiniú a léiriú ar leithligh faoin gceannteideal seo.

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## Cuid 10: Cistí a úsáideadh le haghaidh Rannpháirtíocht Daoine Óga i nGníomhaíocht Pholaitiúil a Chur Chun Cinn*

*Maidir le maoiniú a úsáideadh faoin gceannteideal seo, d'fhéadfadh go mbeadh sé ar áireamh cheana féin faoi cheann ar bith, nó gach ceann, de cheannteidil 5 - 8 thuas. Fiú amháin i gcás nach bhfuil sé ar áireamh faoi na ceannteidil sin, ba cheart suim an mhaoinithe agus sonraí faoin maoiniú a léiriú ar leithligh faoin gceannteideal seo.

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## 11. Síniú

**Síniú an Oifigigh Chuí:** ...............................................

**Dáta:** ................................................

## Cuid 12:  An Tuarascáil Iniúchóra

**AN TUARASCÁIL INIÚCHÓRA DON CHOIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ AR AN RÁITEAS CAITEACHAIS FAOI AIRGEAD ARNA FHÁIL AG PÁIRTÍ POLAITÍOCHTA ÓN bPRÍOMH-CHISTE FAOI ALT 17 DEN ACHT TOGHCHÁIN, 1997, ARNA LEASÚ**

Mar a cheanglaítear le halt 20(2) den Acht Toghcháin, 1997, táim ag tuairisciú ar an Ráiteas don bhliain 2018 ar ullmhaigh Oifigeach Cuí [*ainm an pháirtí polaitíochta*] .....................................................é de bhun fho-alt 20(1) den Acht.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Choinnigh [*ainm an pháirtí polaitíochta*] ............................................................taifid chuí chuntasaíochta i leith an airgid a fuarthas faoi alt 17 agus i leith a eisíoca.  Tá an Ráiteas, atá san fhoirm ar ordaigh an Coimisiún um Chaighdeáin í, ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é mo thuairimse –

- go léirítear go cuí sa Ráiteas na híocaíochtaí a rinneadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus iarmhéid an airgid nár úsáideadh faoin dáta sin
- gur cuireadh na híocaíochtaí a rinneadh as an airgead a fuarthas faoi alt 17 i bhfeidhm de réir alt 18(1) den Acht.

Síniú an Iniúchóra ________________________

Dáta: ________________________